# opera a chomhchruthú

## Roinnt torthaí ón tionscadal Traction

**Breis agus 8,000**
de lucht féachana ag imeachtaí ceol beo

**11**
taibhithe opera

**3**
opera nua comhchruthaithe, taibhithe in amharclann, príosún, ceolárais, scoileanna, cearnóga poiblí - agus fearais chinn réaltacht fhíorúil. Opera cruthaithe i gCatalónais, Criól, Béarla, Gaeilge, Portaingéilis agus Spáinnis

**5 uair**
an chloig d'opera comhaimseartha cumtha

**Breis agus 20**
ceolchoirmeacha beaga, taispeáint scannána agus taibhithe

**30**
taighdeoir ag leanúint an phróisis

**2**
uirlis nua digiteach úsáidte le linn an phróisis agus na taibhithe, le breis agus 20,000 idirghníomhú úsáideora: Spás Comhchruthaitheachta & Ardán Comhchruthaitheachta

Comhchruthú opera agus taibhiú ar teilifís feicthe ag
**766,000**
duine

Rannpháirtíocht
**1,300**
ealaíontóir neamh-phroifisiúnta agus baill phobail don chanadh, dearadh póstaeir, tógáil, ceol, beochan réacltacht fhíorúil, scéalaíocht, cló grianghraif, déanamh feistis &rl. ó dhéagóirí go pinsinéirí

## Cad a mheas na rannpháirtithe faoin bpróiseas comhchruthaithe

- Bhraith **94%** sáite go gníomhach sa tsaothar
- Bhraith **86%** spreagtha
- D'fhoghlaim **89%** ó dhaoine eile
- Ba mhaith le **84%** tabhairt faoi arís
- Ardú féin-mhuiníne ag **84%**
- Dúirt **95%** gur léirigh gach éinne meas ar a chéile
- Mheas **77%** gur athruigh an tionscadal a gcuid smaointe
- Dúirt **75%** go raibh an rannpháirtíocht go maith dá folláine

Bhí spiorad an phobail i ngach aon rud a rinneamar.

Bhuail mé leis an oiread sin daoine nua agus d'fhoghlaimíos an t-uafás - tá sé iomlán nua dom ach is breá liom é.

## Cad a mheas an lucht féachana

- **93%** 'Bhí sé déanta agus taibhithe go maith'
- **82%** 'Bhí sé éagsúil ó aon rud a chonaic mé cheana'
- **80%** 'Bhain sé le hábhar atá tábhachtach domsa'

**D'fhoghlaimíos, ní conas canadh, ach conas brí a chur sa mhéid a chanaim.**

'Rud nua domsa a bhí ann, taithí dhearfach. D'fhogh-laimíomar rudaí nua - sin an rud is tábhachtaí.'

Dhéanfainn arís é anois díreach. Anois díreach. Na nithe dearfacha agus diúltacha san áireamh. Dhéanfainn arís é - anois díreach.

'An tuiscint seo a bhí eadrainn, le fírinne sin ceann de na rudaí is dearfaí a d'eascair as seo.'

'Dá ndéarfach duine liomsa go mbéinn ag canadh ag an Liceu ag 78 bliain d'aois, dhérfainn go raibh siad craiceáilte, ach bhí sé ana mhaith.'

'Cosúil le dul ó sheomra dorcha amach faoin ngrian. Bhí sé iontach, agus táim níos compórdaí anois ag obair le daoine.'

'Dob' é an opera an chuid mhaith den am a chaitheamar anseo, agus bhí faoiseamh ansin. Táimid ana bhuíoch gur tharla sé mar sin agus go raibh an deis sin againn.'

Tionscadal taighde a bhí in Traction chun cíoradh a dhéanamh ar conas gur féidir le huirlisí nua digiteacha tacú le comhchruthú opera nua le pobail i mBarcelona, an Phortaingéil agus Éire. Idir 2020 agus 2022, d'oibrigh ealaíontóirí agus taighdeoirí ar chomhchruthú, ionchuimsiú sóisialta, teicneolaíocht dhigiteach agus foghlaim.

Fuair an tionscadal seo maoiniú ó chlár taighde agus nuálaíochta Horizon 2020 an Aontais Eorpaigh, faoi chomhaontú deontais Uimh. 870610